AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2026
COM(2026) 279 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN gCÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuarascáil bhliantúil chuig an Údarás um Urscaoileadh maidir le hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2025

{SWD(2026) 149 final}

Clár

CUSPÓIR AGUS RAON FEIDHME NA TUARASCÁLA **2**

AN TSEIRBHÍS UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH **2**

FORLÉARGAS AR AN OBAIR INIÚCHÓIREACHTA **5**

TORTHAÍ FORIOMLÁNA BUNAITHE AR AN OBAIR INIÚCHÓIREACHTA A RINNEADH IN 2025 ..... **8**

Torthaí foriomlána maidir le feidhmíocht 8

An chonclúid fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin 12

GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA NDÉANAMH AG INIÚCHAITHE **14**

COMHAIRLIÚCHÁN LEIS AN BPAINÉAL UM MÍRIALTACHTAÍ AIRGEADAIS DE CHUID AN CHOIMISIÚIN **16**

Cuspóir agus raon feidhme na tuarascála

Leis an tuarascáil seo, cuirtear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi **iniúchtaí inmheánacha arna ndéanamh in 2025 ag Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin Eorpaigh in 51 eintiteas eagraíochtúla: ard-stiúrthóireacht, roinn, oifig Aontais agus gníomhaireacht feidhmiúcháin** ([1]). Is ionchur é sa nós imeachta um urscaoileadh agus tá an méid seo a leanas ann: (a) achoimre ar an líon agus ar an gcineál iniúchtaí inmheánacha a rinneadh; (b) sintéis de na príomh-mholtaí a rinneadh; agus (c) na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun na moltaí sin. I gcomhréir le hAirteagail 118(8) agus 253 den Rialachán Airgeadais ([2]), cuireann an Coimisiún an tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Tá an tuarascáil bunaithe ar an tuarascáil a tharraing Iniúchóir Inmheánach an Choimisiúin suas, i gcomhréir le hAirteagal 118(4) den Rialachán Airgeadais, ar iniúchtaí a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus ar thuarascálacha rannpháirtíochta a cuireadh i gcrích in 2025 ([3]).

Thairis sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 118(5) den Rialachán Airgeadais, dírítear sa tuarascáil ar chomhlíonadh foriomlán phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na feidhmíochta trí na torthaí foriomlána maidir le feidhmíocht agus conclúid fhoriomlán maidir leis an mbainistíocht airgeadais a sholáthar (Roinn 4) ([4]) agus cuirtear i dtábhacht inti aon fhadhb chórasach a bhraith painéal an Choimisiúin um mírialtachtaí airgeadais (Roinn 5).

An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

Is seirbhís neamhspleách sa Choimisiún í an t**Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach** agus tá sí faoi stiúir Iniúchóir Inmheánach an Choimisiúin.

Faoina shainordú a eascraíonn as an Rialachán Airgeadais, cuireann an tIniúchóir Inmheánach comhairle ar an gCoimisiún maidir le rioscaí a láimhseáil, trí mheasúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- oiriúnacht agus éifeachtacht na gcóras bainistíochta inmheánaí;
- feidhmíocht na ranna maidir le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme;
- éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras rialaithe agus iniúchóireachta is infheidhme maidir leis na hoibríochtaí uile chun an buiséad a chur chun feidhme.

Is é **misean na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach** cumas an Choimisiúin a neartú chun luach poiblí a chruthú, a chosaint agus a chothú – mar institiúid nua-aimseartha, chuntasach atá dírithe ar an bhfeidhmíocht – trí dhearbhú, comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht neamhspleách, rioscabhunaithe agus oibiachtúil a sholáthar.

([1]) Ní chumhdaítear leis an tuarascáil an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an tSaoráid Eorpach Síochána, gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, comhghnóthais an Aontais nó comhlachtaí uathrialacha eile a ndéanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh orthu. Faigheann siad tuarascálacha ar leithligh i gcás inarb ábhartha.

([2]) Rialachán (AE) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 lena n-ionadaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (Airteagal 247).

([3]) Áirítear sa tuarascáil seo na tuarascálacha iniúchóireachta a tugadh chun críche idir 1 Feabhra 2025 agus an 31 Nollaig 2025, cé is moite den iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil ar eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta deiridh ina leith an 10 Márta 2025 agus áiríodh í go heisceachtúil sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Iniúchóireacht Inmheánach le haghaidh 2024.

([4]) Foilsítear achoimre ar an dearbhú a sholáthraíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach i gcomhthráth leis an tuarascáil seo sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht ar bhuiséad an Aontais.

Chuige sin, soláthraíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an méid seo a leanas:

- measúnuithe neamhspleácha ar éifeachtacht na bpróiseas rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe le haghaidh oibríochtaí, gníomhaíochtaí agus idirbhearta airgeadais ('seirbhísí dearbhaithe'); agus

- comhairle, léargas agus fadbhreathnaitheacht ('seirbhísí nach seirbhísí um dhearbhú iad').

Is iad na príomhtháirgí insoláthartha tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí ina bhfuil tuairimí neamhspleácha maidir le cáilíocht na gcóras bainistíochta agus rialaithe chomh maith le moltaí chun feabhas a chur ar oibríochtaí agus bainistíocht fhónta airgeadais a chur chun cinn.

In 2025, ghlac an Coimisiún **cairt mhisin athmhúnlaithe** ([5]), rud a bhí ina nuashonrú nach beag ar chreat dlíthiúil agus oibríochtúil na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach. Áirithítear leis an gCairt go mbeidh ailíniú iomlán ann le Rialachán Airgeadais athmhúnlaithe 2024 agus leis na Caighdeáin Dhomhanda nua um Iniúchóireacht Inmheánach ([6]). Trí neamhspleáchas an Iniúchóra Inmheánaigh a ráthú agus trí rochtain iomlán neamhtheoranta ar an bhfaisnéis agus ar an bpearsanra lena bhfuil gá dá chuid oibre a dheonú, soláthraítear leis an gCairt na coimircí is gá chun go n-oibreoidh an tseirbhís go héifeachtach. Deimhníodh i measúnú cáilíochta seachtrach 2021, atá bailí ar feadh 5 bliana, go raibh na Caighdeáin agus an Cód Eitice a bhí i bhfeidhm an tráth sin á gcomhlíonadh ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach.

Ghlac an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a **Straitéis Iniúchóireachta 2025-2029** in 2025. Tá sí sin ailínithe le sainordú polaitiúil nua an Choimisiúin agus is é is aidhm dí feidhmíocht agus cuntasacht fheabhsaithe a spreagadh sa Choimisiún agus in eintitis eile de chuid an Aontais, chomh maith le seirbhísí breisluacha a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

I gcomhréir le hAirteagal 8(2) den chairt mhisin, comhlíonann an tIniúchóir Inmheánach roinnt **oibleagáidí tuairiscithe bliantúla don Choiste um Athbhreithniú Iniúchtaí**. Cuidíonn an Coiste um Athbhreithniú Iniúchtaí leis an gColáiste a chuid oibleagáidí faoi na Conarthaí, faoin Rialachán Airgeadais agus faoi ionstraimí reachtúla eile a chomhlíonadh. Is é an ról atá aige, a bhunaítear faoi Airteagal 123 den Rialachán Airgeadais neamhspleáchas na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach a áirithiú, faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre iniúchóireachta inmheánaí agus a áirithiú go gcuirfidh an Coimisiún, a ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí eile moltaí san áireamh agus go ndéanfaidh siad obair leantach ina leith.

Ina dhearbhú bliantúil chuig an gCoiste um Athbhreithniú Iniúchtaí, dheimhnigh an tIniúchóir Inmheánach gur chaomhnaigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **neamhspleáchas eagraíochtúil** iomlán in 2025 agus go raibh sí saor ó chur isteach agus ó theorainneacha maidir lena cuid oibre iniúchóireachta a dhéanamh; agus nach raibh aon lagú ar an oibiachtúlacht aonair ann más deimhneach nó más dealraitheach.

D'áirithigh an tIniúchóir Inmheánach go raibh na hacmhainní a bhí ar fáil in 2025 leordhóthanach agus gur imscaradh go héifeachtach iad chun baint amach an phlean iniúchóireachta inmheánaí fhormheasta a bharrfheabhsú. Bhí meascán iomchuí eolais, scileanna agus inniúlachtaí eile sna hacmhainní.

Ní dhéanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh ar chórais rialaithe na mBallstát ar chistí an Aontais. Maidir le hiniúchtaí den sórt sin is ar leibhéal tairbhithe aonair a dhéantar iad, agus is iad iniúchóirí inmheánacha na mBallstát, údaráis náisiúnta iniúchóireachta, ard-stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin agus

([5]) Cinneadh (AE) 2025/2570 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2025 lena mbunaítear an cairt mhisin do Sheirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin

([6]) Leis na Caighdeáin Dhomhanda um Iniúchóireacht Inmheánach, arna bhfógairt ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha (IIA), atá i bhfeidhm ón 9 Eanáir 2025, treoraítear cleachtas gairmiúil domhanda na hiniúchóireachta inmheánaí agus feidhmíonn siad mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus chun í a ardú. Tagann na Caighdeáin Dhomhanda um Iniúchóireacht Inmheánach in ionad Chreat 2017 um Chleachtais Ghairmiúla Idirnáisiúnta ó Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha a bhí infheidhme in 2024.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a dhéanann iad. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh, áfach, ar bhearta a dhéanann an Coimisiún chun maoirseacht agus iniúchóireacht a dhéanamh: (a) ar chomhlachtaí sna Ballstáit; agus (b) ar chomhlachtaí eile atá freagrach as cistí an Aontais a eisíoc.

Forléargas ar an obair iniúchóireachta

Ba í 2025 an chéad bhliain ina raibh Straitéis Iniúchóireachta 2025-2029 na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach á cur chun feidhme, agus tá an Straitéis ailínithe le sainordú polaitiúil, tosaíochtaí agus cuspóirí nua an Choimisiúin. Faoi scoithdháta an 31 Nollaig 2025 ([7]), bhí **35 shannachán**(29 ndearbhú iniúchóireachta, agus 6 shannachán um neamhdhearbhú muiníne) san iomlán **curtha i gcrích** ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in ard-stiúrthóireachtaí agus i seirbhísí an Choimisiúin. Sholáthair an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach 100 % de na tuarascálacha dearbhaithe a bhí beartaithe i bplean iniúchóireachta 2025 don Choimisiún. Tugadh aon tuarascáil iniúchóireachta amháin chun críche i mí an Mhárta 2025 agus cuimsíodh í leis an tuarascáil bhliantúil ar an iniúchóireacht inmheánach do 2024 ([8]).

I gcomhréir lena cairt agus le caighdeáin iniúchóireachta dhomhanda, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a cuid oibre iniúchóireachta a phleanáil ar bhonn measúnaithe riosca agus anailís ar acmhainneacht. Is é an aidhm atá ann plean iniúchóireachta a tharraingt suas lena gcumhdaítear na réimsí is mó riosca, agus ar an gcaoi sin a bhreisluach a uasmhéadú, chomh maith le cuidiú lena áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as acmhainní agus go gcuirfear an plean iniúchóireachta chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach. Déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach faireachán go tráthrialta ar chur chun feidhme an phlean iniúchóireachta agus déanann sí é a choigeartú de réir mar is gá.


In 2025, d'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **33 thuarascáil** (tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus nótaí léargais) agus dhá thuarascáil inmheánacha.

Léirítear sa chairt thíos an bealach a bhí na **sannacháin um dhearbhú muiníne** ina rannchuidiú leis na cuspóirí ginearálta a chuimsítear le **plean straitéiseach 2025-2029** an Choimisiúin a bhaint amach.

Rannchuidiú le cuspóirí ginearálta an Choimisiúin

([7]) Is idirbhliain é plean iniúchóireachta 2025 i leith an scoithdháta nua, is é sin, an 31 Nollaig 2025. Go dtí 2024, ba é an 1 Feabhra n go dtí an 31 Eanáir n+ 1 an tréimhse thagartha le haghaidh na bpleananna iniúchóireachta.


([8]) Bhain an tuarascáil iniúchóireachta sin leis an iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna san Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil. Eisíodh an tuarascáil iniúchóireachta deiridh don iniúchadh sin an 10 Márta 2025.



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

D'eisigh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **123 mholadh** a d'eascair óna hobair iniúchóireachta in 2025. Mar a léirítear thíos, rátáladh 2 % de na moltaí sin a bheith criticiúil, 52 % a bheith an-tábhachtach agus 46 % a bheith tábhachtach.

Moltaí de réir rátála



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

In 2025, ghlac na hiniúchaithe le **118 moladh** agus ghlac siad le 5 mholadh go páirteach. Maidir le gach moladh ar glacadh leis (i bpáirt), dhréachtaigh na hiniúchaithe pleananna gníomhaíochta. Thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de mheasúnú orthu ansin go raibh siad sásúil nó d'iarr sí plean gníomhaíochta athbhreithnithe. Maidir leis na moltaí ar neamhghlactha go páirteach a bhí siad, ghlac na hiniúchaithe leis an

riosca iarmharach. Cuireadh na tuarascálacha dearbhaithe uile faoi bhráid Choiste an Choimisiúin um Athbhreithniú Iniúchtaí in éineacht leis na pleananna gníomhaíochta.

Torthaí foriomlána bunaithe ar an obair iniúchóireachta a rinneadh in 2025

Torthaí foriomlána maidir le feidhmíocht

Chun tacú le cultúr feidhmíochtbhunaithe an Choimisiúin agus leis an mbéim ar luach ar airgead, thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach 29 ngníomhaíocht iniúchóireachta a bhí dírithe ar ghnéithe feidhmíochta chun críche. I gcás tuairim is 80 % de na gníomhaíochtaí sin, shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ardrioscaí iarmharacha sna réimsí nó sna próisis a ndearnadh iniúchadh orthu agus bhí sin ina chúis le moltaí an-tábhachtach. Eisíodh moladh criticiúil do dhá eintiteas i dtuarascáil iniúchóireachta amháin, inar tugadh rioscaí iarmharacha an-ard faoi deara. Tugadh láidreachtaí agus dea-chleachtais éagsúla faoi deara freisin.

I gcomhréir lena modheolaíocht agus lena dea-chleachtais, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchadh ar fheidhmíocht ar bhealach indíreach. Déanann sí measúnú ar fheidhmíocht ranna an Choimisiúin maidir le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi threoir na rioscaí a bhaineann leo. Leis an gcur chuige sin, tá sé d'aidhm aici a áirithiú go bhfuil creataí feidhmíochta láidre, uirlisí tomhais feidhmíochta leordhóthanacha, agus córais faireacháin chuimsitheacha forbartha ag ard-stiúrthóireachtaí agus ag seirbhísí. agus go n-úsáideann siad iad chun feidhmíocht agus rioscaí a bhainistiú.

Léiríonn sannacháin 2025 na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach go bhfuil próisis bainistíochta airgeadais, oibríochtúla agus tacaíochta an Choimisiúin fós láidir, cé gur gá aird a thabhairt ar réimsí áirithe chun comhlíontacht agus éifeachtacht fhadtéarmach a áirithiú.

Cé go mbíonn córais bainistíochta airgeadais éifeachtach i gcoitinne (féach an Chonclúid Fhoriomlán), ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt leochaileachtaí sa soláthar agus sa bhainistiú deontas, go háirithe straitéisí um dhearbhú agus iniúchóireacht. Nochtadh le hiniúchtaí ar chláir chistiúcháin go bhfuil gá le comhsheasmhacht níos fearr maidir le feidhmíocht a thomhas, i gcás ina bhféadfadh táscairí níos soiléire agus próisis chuíchóirithe trédhearcacht agus tionchar a fheabhsú, go háirithe i bhfianaise an aistrithe i dtreo samhlacha seachadta feidhmíochtbhunaithe. Ar an gcaoi chéanna, thairbheodh an fheidhmíocht oibríochtúil de shainiú níos soiléire ar róil agus ar fhreagrachtaí agus de bhainistiú fónta na rioscaí a bhaineann leis na córais tacaíochta, ar cúrsaí teicneolaíochta faisnéise go príomha atá i gceist. Ar deireadh, i bhfianaise spleáchas an Choimisiúin ar acmhainní daonna agus teicneolaíocha, maidir leis na córais chun foireann a roghnú agus a earcú, chun tionscadail TF a bhainistiú agus chun cibearshlándáil a bhainistiú, ní mór iad a neartú mar phríomhghnéithe bunúsacha le haghaidh riarachán poiblí nua-aimseartha.

Cuirtear i láthair sna ranna seo a leanas conclúidí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir leis na gnéithe feidhmíochta éagsúla a ndearnadh measúnú orthu in iniúchtaí 2025 uaithi.

Próisis airgeadais

Thug iniúchtaí na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach dearbhú don Choláiste, agus do na hard-stiúrthóireachtaí agus do na seirbhísí chomh maith, go raibh rialuithe inmheánacha ar bhainistíocht airgeadais á gcur chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach (féach freisin an chonclúid fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais i Roinn 4.2).

Níor léiríodh **aon laige mhór sna córais rialaithe** a bhí faoi scrúdú i g**cúig iniúchadh** a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach. Léiríodh sna **13 iniúchadh eile** go raibh **gá le feabhsuithe** agus eisíodh moltaí criticiúla agus an-tábhachtach dá bharr sin.

I réimse **an bhainistithe deontas**, shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach dhá **chás** inar ghá do na heintitis faoi scrúdú feabhas a chur ar na próisis a bhí i bhfeidhm.

Is é **conclúidí iniúchóireachta neamhcháilithe** an toradh a bhí ar **chúig iniúchadh** a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach ar an m**bainistiú deontas**: (a) cistiú eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna)

faoin gClár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE); (b) cur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa; (C) bainistiú tionscadal agus próiseas íocaíochta don Chlár EU4Health; (d) bainistiú tionscadal agus próiseas íocaíochta an Chiste Eorpaigh Cosanta; agus (e) cur chun feidhme luath na ndeontas sna hionstraimí cosanta gearrthéarmacha: an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) agus an Gníomh maidir le Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP).

De dheasca iniúchadh ar **nósanna imeachta ullmhúcháin agus dámhachtana na gcomhaontuithe deontais ón Comhairle Nuálaíochta Eorpach**, tugadh tuairim dhiúltach agus moladh criticiúil a bhain leis an ngá don Ard-Stiúrthóireacht agus don ghníomhaireacht feidhmiúcháin lena mbaineann athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta dámhachtana a bhaineann go sonrach le scéim Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme. De dheasca an iniúchta freisin, tugadh moltaí an-tábhachtacha don bheirt iniúchaithe chun na rialuithe a bhaineann le hullmhú na gcomhaontuithe deontais a threisiú; athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisciú ar an táscaire maidir leis an aga go síniú comhaontaithe deontais sa Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí agus measúnú a dhéanamh ar phríomhchúiseanna na moilleanna; athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas cinnteoireachta leasaitheach maidir le dámhachtain; agus faireachán buiséid a threisiú, agus a áirithiú go dtarchuirfear cinntí dámhachtana chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta go foirmiúil.

In iniúchadh eile a rinneadh ar **dheontais**, cinneadh go raibh an córas rialaithe inmheánaigh chun deontais a bhainistiú faoi chlár na hIonstraime um Threalamh Rialaithe Custaim ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach, cé is moite de dhá shaincheist a bhain le straitéis rialaithe na hionstraime, agus chun faireachán tionscadail agus próiseáil íocaíochtaí a dhoiciméadú san uirlis ríomh-Dheontais.

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach dhá iniúchadh i réimse **an bhainistithe cláir** don chlárthréimhse atá ann faoi láthair.

Sa chéad cheann den dá iniúchadh sin ar bhainistiú clár, d'fhonn cur chun feidhme **chistí an bheartais comhtháthaithe i gclárthréimhse 2021-2027** a shimpliú, rinneadh próisis rialaithe inmheánaigh leormhaithe agus éifeachtacha a cheapadh agus a chur chun feidhme ar mhaithe leis an bhfothú acmhainneachta, measúnú agus faireachán agus tuairisciú *ex ante* ar roghanna costas simplithe agus maoiniú nach raibh nasctha le costais. Mar sin féin, is gá feabhas a chur ar threoraíocht, doiciméadacht agus measúnuithe *ex ante* gaolmhara. Ina theannta sin, is gá an oiliúint a fheabhsú agus is gá faireachán a dhéanamh ar rioscaí an spleáchais ar shaineolaithe seachtracha. Ar deireadh, ní mór do na hard-stiúrthóireachtaí feabhas a chur ar fhaireachán agus ar thuairisciú.

Sa dara ceann den dá iniúchadh sin ar bhainistiú cláir, ba é conclúid na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach maidir leis na próisis rialaithe inmheánaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na leasuithe ar phleananna straitéiseacha náisiúnta an **Chomhbheartais Talmhaíochta** (CBT), go raibh na próisis sin ceaptha agus curtha chun feidhme go leormhaith. Mar sin féin, bhí easpa soiléireachta ann maidir le dáta tosaigh na hincháilitheachta le haghaidh athruithe formheasta in idirghabhálacha an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ar tugadh fógra ina leith roimhe sin ach ar cinneadh nach gcomhlíonann siad an bunús dlí le haghaidh fógraí. Ina theannta sin, sainaithníodh laige an-tábhachtach maidir leis an soiléiriú ar na diallais inghlactha idir táscairí toraidh agus aschuir agus ceartú na neamhchomhlíontachtaí a braitheadh i bPleananna Straitéiseacha CBT.

I réimse téamach na **forbartha dearbhaithe agus na straitéise iniúchóireachta**, **sainaithníodh cásanna** tríd an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach inar ghá do na heintitis faoi scrúdú feabhas a chur ar na próisis atá i bhfeidhm.

I gclár a chumhdaítear le **Rialachán na bhForálacha Coiteanna do chlárthréimhse 2021-2027**, bhí socruithe iniúchóireachta bunaithe ar an Straitéis Iniúchóireachta Aonair curtha ar bun ag an ard-stiúrthóireacht a ndearnadh iniúchadh uirthi, ach faoi dheireadh na hoibre iniúchóireachta allamuigh ní raibh socruithe iniúchóireachta breise bunaithe go hiomlán aici maidir le láimhseáil speisialta doiciméad, cur chuige cuimsitheach maidir le measúnú riosca ná pleanáil iniúchóireachta lena gcuimsítear tosca riosca coiteanna agus tosca riosca a bhaineann le cistí sonracha.

In iniúchadh eile, maidir le próisis um bainistiú agus rialú riosca le haghaidh mhodheolaíocht measúnaithe riosca na **Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta** agus iniúchtaí *ex post* ar chlocha míle agus spriocanna

i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, bhí na próisis sin ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach, cé is moite de dhá shaincheist an-tábhachtach a bhaineann leis an méid seo a leanas: (a) fad na n-iniúchtaí; agus (b) an clár um chaighdeáin iniúchóireachta agus um dhearbhú cáilíochta.

A mhéid a bhaineann le hiontaofacht na dtuairimí iniúchóireachta maidir le **dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas Erasmus+** a bhí dearbhaithe ag gníomhaireachtaí náisiúnta, bhí bearta curtha chun feidhme go héifeachtach ag an ard-stiúrthóireacht a ndearnadh iniúchadh uirthi, ar bearta iad a ceapadh go leormhaith chun iontaofacht na dtuairimí iniúchóireachta a áirithiú, ar tuairimí iad a eisíonn na comhlachtaí iniúchóireachta neamhspleácha chun an dearbhú is gá a fháil, cé is moite d'aon saincheist amháin a bhaineann le barúlacha a bhainistiú.

Chun a áirithiú go ndéanfar **cabhair airgeadais arna soláthar do na tíortha a chumhdaítear le dearbhú géarchéime** a sholáthar i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta oibríochtúla agus airgeadais, cinneadh go raibh na córais um bainistiú agus rialú riosca a cuireadh i bhfeidhm ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach, cé is moite den sásra faireacháin agus tuairiscithe a bhaineann le conarthaí arna dtabhairt i gcrích faoi nósanna imeachta solúbtha.

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **athbhreithnithe teoranta** freisin **ar thorthaí rialaithe a bhí soláthraithe ag comhpháirtithe**. Ba é conclúid na n-athbhreithnithe sin gur leormhaith na córais arna gceapadh agus arna gcur chun feidhme ag na hard-stiúrthóireachtaí freagracha i réimse an chaidrimh sheachtraigh chun a áirithiú go rannchuidíonn na dearbhuithe bainistíochta leis an dearbhú maidir le cur chun feidhme éifeachtach chistí an Aontais faoi bhainistíocht indíreach le heintitis ar cuireadh cúram orthu, cé is moite de shaincheisteanna a bhaineann le gnéithe áirithe den dearadh agus le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na ndearbhuithe bainistíochta mar bheart rialaithe.

A mhéid a bhaineann leis an g**creat faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta**, **sainaithníodh cásanna** tríd an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach inar ghá do na heintitis faoi scrúdú feabhas a chur ar na próisis atá i bhfeidhm:

Deimhníodh in iniúchadh ar **chlár InvestEU** go bhfuil sásra inmheánach leormhaith agus éifeachtach um stiúradh agus comhordú curtha i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí Chiste InvestEU a mhaoiniú chomh maith le modheolaíocht láidir maidir le táscairí feidhmíochta agus faireacháin chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Mar sin féin, sainaithníodh ann easnaimh sna cuspóirí a shainítear sa bhunús dlí ábhartha agus sna táscairí a úsáidtear chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí an chláir.

In iniúchadh ar dhearadh an chreata faireacháin agus meastóireachta feidhmíochta do **Chomhbheartas Talmhaíochta** 2023-2027, cinneadh go raibh sé ceaptha go leormhaith chun faireachán, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bPleananna Straitéiseacha CBT. Mar sin féin, i dtaca leis ar an gcur chuige maidir le hathruithe ar spriocanna agus ar chlocha míle le haghaidh táscairí toraidh a fhormheas, bhí gá le soiléirithe breise in éagmais forálacha soiléire sa bhunreachtaíocht.

Maidir le **soláthar agus bainistiú conarthaí**, shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **trí chás** inar ghá do na heintitis faoi scrúdú feabhas a chur ar na próisis atá i bhfeidhm.

Sainaithníodh aon saincheist amháin a bhí an-tábhachtach in aon iniúchadh amháin, is é sin, maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht an chur chuige soláthair a leanadh le haghaidh aistriúcháin a sheachfhoinsítear. Sainaithníodh aon saincheist amháin a bhí an-tábhachtach in iniúchadh eile, a bhain le gnéithe (féideartha) coinbhleachta leasa a shainaithint, rud is gá don ghníomhaireacht feidhmiúcháin fhreagrach a threisiú, i gcomhar lena máthair-ard-stiúrthóireachtaí.

In iniúchadh ar an soláthar ardluacha agus ar bhainistiú conarthaí, ní mór feabhas nach beag a chur ar leagan amach an chórais rialaithe inmheánaigh chun a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a neartú. Shainaithin an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach cúig shaincheist an-tábhachtach a bhaineann leis an méid seo a leanas: (a) an straitéis bainistíochta agus rialaithe riosca; (b) critéir dhámhachtana agus an próiseas meastóireachta; (C) meastacháin a thabhairt ar luach conarthaí agus fad conarthaí; (d) an córas luathbhraite agus eisiaimh; agus (e) rialuithe *ex ante* ar íocaíochtaí.

Próisis oibríochtúla

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **sé iniúchadh** inar díríodh ar ghníomhaíochtaí nó ar chláir shonracha.

Cinneadh in iniúchadh ar **bhainistiú na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES)** agus thairseach EURES go raibh roinnt socruithe curtha i bhfeidhm ag an ard-stiúrthóireacht fhreagrach agus ag an ngníomhaireacht dhíláraithe chleamhnaithe chun a gcomhar a rialú. Mar sin féin, ní raibh na socruithe sin sách mionsonraithe i gcónaí ná níor tugadh cothrom le dáta sách minic iad i roinnt réimsí, lena n-áirítear rialachas TF agus sainordú an Choiste Stiúrtha TF.

Cinneadh in iniúchadh a rinneadh ar na **sásraí comhordúcháin a bhaineann le maoirseacht airgeadais** go raibh na sásraí comhordúcháin ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil ag an ard-stiúrthóireacht fhreagrach in éineacht leis na trí údarás maoirseachta, cé is moite de shaincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas um cheisteanna agus freagraí, agus um athbhreithniú agus meastóireacht.

Cinneadh in iniúchadh eile go raibh na próisis um bhainistiú **shonraí rialaithe an Chomhbheartais Iascaigh** ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme tráth an iniúchta, cé is moite d'aon saincheist amháin a bhaineann le sonraí a bhaineann le deiseanna iascaireachta a fháil, a úsáid agus a fhoilsiú.

Ba é conclúid iniúchta ar an bpróiseas roghnúcháin san **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** nár leormhaith ceapadh na bpróiseas rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe a bhunaigh an Oifig atá freagrach as samhail nua na gcomórtas d'fhoireann bhuan. Cuimsíodh riachtanais na gcliant a bhainistiú agus gnéithe cumarsáide gaolmhara leis na saincheisteanna a sainaithníodh agus; an treochlár chun samhail nua na gcomórtas agus an nós imeachta nua don phróiseas roghnúcháin a chur in úsáid; agus na táscairí agus an faireachán chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí a bhaineann le samhail nua na gcomórtas.

Cinneadh in iniúchadh a rinneadh ar **bhainistiú seirbhísí cúraim leanaí** go raibh creat agus córas rialaithe ceaptha go leormhaith ag na hoifigí atá i gceannas, ar an iomlán. Mar sin féin, sainaithníodh saincheisteanna sa chur chun feidhme maidir le róil agus freagrachtaí na gcoistí formhaoirseachta agus na ngníomhaithe seachtracha a bhí rannpháirteach; an buiséad idirinstitiúideach a bhunú agus costais a leithdháileadh agus ranníocaíochtaí tuismitheoirí agus institiúideacha a ríomh; agus rialuithe TF maidir le bainistiú tionscadal agus slándáil TF na huirlise TF ábhartha.

Ba é conclúid iniúchta ar **bhainistiú ranníocaíochtaí comhchineáil** faoi **Fhís Eorpach** gur sholáthair an ard-stiúrthóireacht fhreagrach tacaíocht leordhóthanach, ar an iomlán, do na comhghnóthais, cé is moite d'aon saincheist an-tábhachtach a bhaineann le tacaíocht TF agus na feidhmiúlachtaí atá ar fáil san uirlis TF.

Próisis tacaíochta

Bainistíocht acmhainní daonna

Ba é conclúid iniúchadh a rinneadh ar an gClár um Chlaochlú Acmhainní Daonna, cé go raibh struchtúr agus próisis rialachais an chláir curtha ar bun go maith ar an iomlán, go raibh saincheist an-tábhachtach fós ann a bhaineann leis na próisis bainistithe slándála TF a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhaint amach chuspóirí straitéiseacha an chláir agus do chomhlíonadh na gcaighdeán slándála inmheánaí ag an gCoimisiún.

Rialachas teicneolaíochta faisnéise (TF), bainistiú tionscadal TF agus bainistiú slándála TF

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **dhá iniúchadh** sa réimse seo.

Nochtadh le hiniúchadh a rinneadh ar **rialachas TF agus ar bhainistiú slándála TF** in aon ard-stiúrthóireacht amháin, go raibh an córas rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh rialachas TF agus socruithe slándála TF ceaptha go leormhaith agus curtha chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, ar an iomlán, cé is moite d'aon saincheist amháin a bhaineann le riachtanais ghnó agus ionchais téarnaimh a ailíniú, pleananna slándála TF a choinneáil ar bun agus próisis um bainistiú teagmhas agus rochtain úsáideoirí a dhéanamh foirmeálta.

I gcás **thionscadal Arachne+**, ní raibh na próisis rialachais, bainistithe riosca agus rialaithe a chuir ard-stiúrthóireacht i bhfeidhm, mar úinéir an chórais, in éineacht le tacaíocht ó ard-stiúrthóireachtaí eile, iomchuí chun céim 2 den tionscadal a sholáthar go héifeachtach ná chun cuspóirí straitéiseacha agus ionchais ghnó a bhaint amach don tionscadal foriomlán laistigh den tréimhse agus de na hacmhainní a bhí leithdháilte. Bhí próisis slándála TF agus um chosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le céimeanna próisis an Choimisiúin, ach bhí gá le feabhsuithe móra a mhéid a bhaineann le cáilíocht na ndéantán slándála TF.

Ina theannta sin, **le roinnt iniúchtaí eile, breathnaíodh ar ghnéithe TF** na bpróiseas iniúchta agus sainaithníodh rialuithe leormhaithe nó laigí i gcásanna difriúla.

An chonclúid fhoriomlán maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin

Mar a cheanglaítear lena cairt mhisin, eisíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **conclúid fhoriomlán** bhliantúil maidir le bainistíocht airgeadais an Choimisiúin. Tá sé sin bunaithe ar an obair iniúchóireachta i réimse na bainistíochta airgeadais sa Choimisiún a rinneadh le 3 bliana anuas (2023 go 2025). Cuirtear faisnéis ó fhoinsí eile san áireamh inti freisin, go háirithe na tuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Eisítear an chonclúid fhoriomlán an tráth céanna leis an tuarascáil seo agus cumhdaítear an bhliain chéanna léi.

Bunaithe ar an bhfaisnéis iniúchóireachta sin, mheas an t-iniúchóir inmheánach gur chuir an Coimisiún, in 2025, nósanna imeachta rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm atá **leordhóthanach,** ina n-iomláine, **chun dearbhú réasúnach a thabhairt** maidir le baint amach a chuspóirí airgeadais, cé is moite de na réimsí bainistíochta airgeadais sin a bhfuil imní curtha in iúl ag oifigigh údarúcháin trí tharmligean ina leith ina ndearbhú dearbhaithe.

Gan an chonclúid fhoriomlán le haghaidh 2025 a cháiliú a thuilleadh, tarraingíonn an tIniúchóir Inmheánach aird ar an ngá atá **lena áirithiú go leanfaidh an creat rialaithe agus dearbhaithe de bheith láidir, comhréireach agus éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha**, go háirithe i gcomhthéacs tosaíochtaí comhthráthacha agus brú leanúnach ar acmhainní. Tá sé sin ábhartha go háirithe i bhfianaise an ghá atá le dlús a chur leis an gcur chun feidhme agus a áirithiú go ndúnfar na cláir atá ann faoi láthair go tráthúil agus ullmhú á dhéanamh an tráth céanna don chreat airgeadais ilbhliantúil atá ar na bacáin, lena dtabharfar isteach tuilleadh ionstraimí agus samhlacha seachadta nuálacha.

Mar gheall ar an timpeallacht dhúshlánach shocheacnamaíoch agus pholaitiúil agus ar an ngá le freagairt do na géarchéimeanna éagsúla a bhí ann le blianta beaga anuas, ba ghá méideanna acmhainní agus cistiúcháin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a shlógadh go mear, agus ionstraimí núíosacha feidhmíochtbhunaithe a chruthú. Moilleanna **ar na straitéisí rialaithe agus iniúchóireachta a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme don chlárthréimhse atá ann faoi láthair**, de dheasca na n-oiriúnuithe ba ghá a dhéanamh ar na samhlacha seachadta athbhreithnithe, ba cheart aird chuí a thabhairt orthu. An tráth céanna, maidir leis an gCoimisiún ní mór dó leanúint de na hiarrachtaí simpliúcháin chun a áirithiú i dtaca le cistiú ón Aontas go leanfaidh sé de bheith inrochtana agus go mbainfear torthaí amach leis agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú an tráth céanna.

I gcomhthéacs ollchóiriú mór ar shamhlacha cistiúcháin agus seachadta faoin g**céad chreat airgeadais ilbhliantúil eile**, ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ón tréimhse 7 mbliana atá i bhfeidhm faoi láthair agus **a áirithiú go saineofar an tsamhail dearbhaithe ón tús**, sa chaoi go bhforbrófar straitéisí rialaithe le haghaidh ionstraimí aonair in am trátha sula gcuirfear tús leis an gcur chun feidhme.

Leis an aistriú leanúnach i dtreo samhlacha seachadta feidhmíochtbhunaithe, beidh gá le **cur chuige athbhreithnithe** chun é a chur ar chumas an Choimisiúin **dearbhú a sholáthar maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais**, lena n-áirítear, i gcás inar gá, tacaíocht do na Ballstáit, coigeartuithe ar eagrú na

feidhme iniúchóireachta agus athbhreithniú ar tháscairí traidisiúnta dlíthiúlachta agus rialtachta, amhail an ráta earráide.

Ní mór aird a thabhairt go leanúnach ar rialuithe comhréireacha agus éifeachtacha maidir leis an bh**formhaoirseacht ar mhéideanna buiséid arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus/nó ag tríú páirtithe**, i bhfianaise spleáchas méadaithe an Choimisiúin orthu.

Ina theannta sin, léiríonn oibríochtaí airgeadais leathnaithe an Aontais an tábhacht a bhaineann le **creat láidir dea-chomhtháite um bainistiú riosca** agus **le maoirseacht láidir ar iasachtaí, ar ráthaíochtaí buiséadacha agus ar mhaoiniú** trí urrúis fiachais a eisiúint.


Ar deireadh, chun a áirithiú go mbainfear amach a chuspóirí a bhaineann le cuntasacht, bainistíocht fhónta airgeadais agus cosaint bhuiséad an Aontais, ba cheart don Choimisiún leanúint dá iarrachtaí agus deiseanna a thapú chun **an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní teoranta** agus chun **a eagar, a phróisis agus a oibríochtaí a choigeartú**. Maidir le dearadh na samhlacha dearbhaithe nua agus na straitéisí rialaithe aonair, rud ba cheart a bheith ag gabháil leo sin é sainiú ar acmhainní daonna leordhóthanacha, maidir lena líon, na scileanna agus an t-uainiú, agus straitéis chun gur go héifeachtach a bhainfear leas as modhanna teicneolaíochta iomchuí agus na rioscaí a thugtar isteach leo á mbainistiú go cúramach an tráth céanna.

Gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag iniúchaithe

Maidir le tionchar na hoibre iniúchóireachta inmheánaí ar an bhfeabhas a chuirfear ar fheidhmíocht agus ar chuntasacht an Choimisiúin, braitheann sé ar na moltaí de bharr na hoibre a bheith á gcur chun feidhme. Chun formhaoirseacht ó na comhlachtaí rialaithe a chumasú, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach iniúchtaí leantacha nuair a thuairiscíonn an t-eintiteas a ndéantar iniúchadh air go bhfuil an moladh réidh le hathbhreithniú. Soláthraíonn an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach faisnéis go tráthrialta don Choiste um Athbhreithniú Iniúchtaí freisin maidir leis an stádas i leith chur chun feidhme a moltaí.

Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach **obair leantach ar 50 ghníomhaíocht iniúchóireachta roimhe sin** chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí agus d'eisigh sí 82([9]) nóta leantach chuig na hard-stiúrthóireachtaí agus seirbhísí ábhartha. Dá thoradh sin, le haghaidh 22 shannachán, bhí na moltaí uile dúnta ([10]), agus le haghaidh na 28 sannachán eile, bhí aon mholadh amháin nó níos mó fós oscailte faoin scoithdháta([11]) .

Mar a léirítear thíos, ar scoithdháta an 31 Nollaig 2025, as 773 mholadh san iomlán ar glacadh leo (i bpáirt) ([12]) a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in 2021-2025, mheas na hiniúchaithe gur cuireadh chun feidhme 525 (68 %) díobh ([13]) . Fágann sin go bhfuil iomlán de 248 mholadh (32 %) oscailte fós.



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

([9]) Rinneadh obair leantach ar roinnt gníomhaíochtaí iniúchóireachta níos mó ná uair amháin agus cumhdaíodh níos mó ná aon ghníomhaíocht iniúchóireachta amháin i roinnt nótaí leantacha.

([10]) I Roinn 2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre, tá liosta na n-iniúchtaí a dúnadh tar éis d'obair leantach a bheith déanta.

([11]) I Roinn 2.1 den Doiciméad Inmheánach Oibre tá liosta iniúchtaí a bhí fós oscailte tar éis d'obair leantach a bheith déanta ar mholtaí criticiúla agus/nó an-tábhachtach.

([12]) As 777 moladh a eisíodh in 2021-2025, glacadh le 763 mholadh go hiomlán, glacadh le 10 moladh díobh i bpáirt agus diúltaíodh do cheithre cinn.

([13]) Taispeántar rátáil na moltaí ar an scoithdháta ar an gcairt. D'fhéadfadh sé nach ionann é sin agus an rátáil sa tuarascáil iniúchóireachta bhunaidh toisc gurb amhlaidh, in iniúchadh leantach, a fhéadfaidh an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach a mheas gur mhaolaigh na gníomhaíochtaí a rinne an t-iniúchaí go páirteach na rioscaí a sainaithníodh ar dtús agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí rátáil an mholta a íosghrádú.


As na 248 moladh a bhí fós oscailte tráth an scoithdháta, rátáladh dhá mholadh a bheith criticiúil, 112 (45 %) a bheith an-tábhachtach, agus 134 (54 %) a bheith tábhachtach.

As na moltaí oscailte, bhí **43 díobh thar téarma** (i.e. níor cuireadh chun feidhme iad faoin dáta a comhaontaíodh ar dtús). Cuimsíonn na moltaí thar téarma sin 5,6 % de na moltaí ar glacadh leo (i bpáirt).

As na moltaí thar téarma, aicmíodh ceithre mholadh an-tábhachtach a eisíodh in 2021-2025 mar mholtaí a bhí **i bhfad thar téarma** (i.e. oscailte ar feadh níos mó ná 6 mhí tar éis an dáta cur chun feidhme bunaidh), i gcomparáid le sé mholadh sa bhliain roimhe sin. Maidir leis na moltaí an-tábhachtach sin a bhí i bhfad thar téarma, ba iad 0,5 % den líon iomlán moltaí ar glacadh leo (go páirteach) in 2021-2025 (i gcomhréir leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin). Ina theannta sin, tá aon mholadh an-tábhachtach amháin ann atá i bhfad thar téarma agus a eisíodh roimh phlean iniúchóireachta 2021, rud lenar méadaíodh an líon iomlán ag an scoithdháta go **cúig mholadh an-tábhachtach**.

Moill ar mholtaí atá thar téarma de réir rátála

(Eisithe in 2021-2025)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach

Tríd is tríd, measann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach go bhfuil cur chun feidhme a cuid moltaí sásúil agus inchomparáide le tréimhsí tuairiscithe roimhe seo. Léiríonn sé sin go raibh seirbhísí an Choimisiúin dícheallach maidir leis na moltaí criticiúla agus an-tábhachtach a chur chun feidhme, rud a mhaolaigh na rioscaí ar tharraing an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach aird orthu.

Déantar achoimre i gCuid 3 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na moltaí an-tábhachtach sin atá i bhfad thar téarma.

Comhairliúchán leis an bpainéal um mírialtachtaí airgeadais de chuid an Choimisiúin

Níor thuairiscigh an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 145 den Rialachán Airgeadais aon fhadhb chórasach in 2025, nuair a thug sé a thuairim dá dtagraítear in Airteagal 93 den Rialachán Airgeadais.